
SCÉAL RATHA

## AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

# AN TIONSCNAMH: AN EORAIP SAOR Ó FHIONNADH




**FOGHLAIM** – PLÉIGH – NASCADH - COMHAIRLE A LORG

# Clár Ábhar

An Tionscnamh: An Eoraip Saor ó Fhionnadh 3

An Feachtas 4

Tionchar an Fheachtais 8



# 1
# An Tionscnamh: An Eoraip Saor ó Fhionnadh

Is é an tionscnamh 'An Eoraip Saor ó Fhionnadh' an deichiú tionscnamh ó na saoránaigh ar éirigh leis. Iarrtar ann go gcuirfí cosc ar fud an Aontais ar an bhfeirmeoireacht fionnaidh agus ar dhíol táirgí ina bhfuil fionnadh ar an Margadh Aonair.

Cláraíodh an tionscnamh 'An Eoraip Saor ó Fhionnadh' an 16 Márta 2022 agus cuireadh tús lena thréimhse bailithe sínithe an 18 Bealtaine 2022. D'éirigh leis **1,502,319 ráiteas tacaíochta fíoraithe** a bhailiú agus **baineadh amach na tairseacha íosta in ocht mBallstát déag**.

Chuir na heagraithe deireadh leis an tréimhse bailithe sínithe an 1 Márta 2022, 2 mhí go leith roimh an spriocdháta, an 18 Bealtaine 2023. Seoladh na sínithe lena bhfíorú go gairid ina dhiaidh sin. Tar éis do na húdaráis a bhí freagrach i ngach Ballstát na ráitis tacaíochta a fhíorú, cuireadh an tionscnamh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh go foirmiúil an 14 Meitheamh 2023 (Preasráiteas). D'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht inar tugadh freagra ar an tionscnamh sin an 7 Nollaig 2023.

FUR FREE EUROPE

## Na tosca ba chúis le rath an fheachtais:

- Ullmhúchán - **"is próiseas fadálach é tionscnamh ó na saoránaigh a eagrú"**;
- Líonra láidir a fhorbairt le heagraíochtaí comhpháirtíochta agus an líonra sin a leathnú le heagraíochtaí eile i rith an fheachtais;
- Buiséad agus straitéis a bhunú chun tacaíocht agus cistiú a bhailiú.

Cláraíodh an Tionscnamh **16/03/2022**

Dáta Tosaigh Bhailiú na Sínithe **18/05/2022**

Dáta Deiridh Bhailiú na Sínithe **01/03/2023**

Tionscnamh Bailí **14/06/2023**

Freagra tugtha ag an gCoimisiún Eorpach **07/12/2023**

# 2
# An Feachtas

## Ullmhúchán

Bhí neart taithí ag eagraithe an tionscnaimh 'An Eoraip Saor ó Fhionnadh' maidir le tionscnamh ó na saoránaigh a eagrú ós rud é gur ghlac cuid acu páirt sna tionscnaimh 'Ná Coinnímis Ainmhithe i gCásanna Feasta' agus 'Sábháiltear Cosmaidí Neamhchruálacha', dhá thionscnamh a bhailigh thart ar 1.4 milliún agus 1.2 milliún síniú faoi seach. Chuaigh an taithí sin chun tairbhe do na heagraithe toisc gur thuig siad gur gá a bheith ullmhaithe chun tionscnamh ó na saoránaigh a eagrú agus a sheoladh i gceart.

Roimh do na heagraithe an feachtas a chur i bhfeidhm, bhí sé tábhachtach dóibh **am a infheistiú chun líonra comhpháirtithe a thógáil** chun cinnte a dhéanamh de go raibh bonn maith tacaíochta ann sular chuir siad tús leis an mbailiú sínithe. Is é an Grúpa Euro um Ainmhithe an phríomheagraíocht neamhrialtasach atá ag tacú leis an tionscnamh seo, agus is brateagraíocht neamhrialtasach í a bhfuil níos mó ná 90 eagraíocht faoina scáth. Tá an tríú cuid de na heagraíochtaí sin páirteach sa toirmeasc ar fhionnadh le blianta beaga anuas, agus iarradh orthu páirt a ghlacadh san fheachtas. Ina theannta sin d'oibrigh na heagraithe i gcomhar le heagraithe a bhí lasmuigh dá líonra




Copyright: Fur Free Europe Instagram




díreach trí léarscáiliú a dhéanamh ar eagraíochtaí sna Ballstáit. Fuair an tionscnamh tacaíocht ó 82 eagraíocht.

Chun tacú lena n-oibrithe deonacha agus lena gcomhpháirtithe agus chun a chinntiú gur thacaigh na líonraí comhpháirtithe sin leis an tionscnamh, chruthaigh na heagraithe 'stór sócmhainní an fheachtais'. Sa 'stór' sin bhí an t-ábhar cumarsáide ábhartha a bhí ag teastáil ó na comhpháirtithe chun an feachtas a chur chun cinn agus chun tacú leis. Ina theannta sin reáchtáil na heagraithe cruinnithe rialta leis na comhpháirtithe chun iad a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn an tionscnaimh, chun an comhordú a choinneáil ar bun agus chun aon dúshlán a tháinig anuas le linn an fheachtais a phlé.

Is é an phríomhstraitéis feachtasaíochta a bhí ag na heagraithe **láithreacht ar líne a fhorbairt** toisc gurb é sin "an áit is fusa le dul i bhfeidhm ar an líon is mó saoránach agus teagmháil a dhéanamh le saoránaigh ó spriocghrúpaí éagsúla". Thóg na heagraithe suíomh gréasáin ilteangach ar a bhfuil eolas cúlra faoin tionscnamh, iarrataí an tionscnaimh, agus leathanach bailithe sínithe agus nuachtlitir. Ina theannta sin d'fhorbair na heagraithe a láithreacht ar líne ar na meáin shóisialta: Instagram (5,405 leantóir agus 270 postáil). Bhain na heagraithe úsáid as a gcuid cainéal féin ar na meáin shóisialta freisin chun an tionscnamh a chur chun cinn: X (ar a dtugtaí Twitter roimhe seo) (15,900 leantóir), YouTube (619 rannpháirtí), Instagram (3,874 leantóir), agus Facebook (20,000 leantóir).

Ar an iomlán, bhailigh eagraithe an tionscnaimh 'An Eoraip Saor ó Fhionnadh' €1,904,595.00 de thacaíocht agus de chistí. Ní thuairiscítear ach ranníocaíochtaí os cionn €500 in aghaidh an urraitheora.



## An feachtas a chur i bhfeidhm

Phleanáil na heagraithe céim an bhailithe sínithe go cúramach, leag siad spriocanna síos do gach Ballstát bunaithe ar roinnt fachtóirí, mar shampla an bhfuil tionscal an fhionnaidh fós gníomhach sa tír sin, an líon sínithe a bailíodh roimhe sa tír sin ar fheachtais chomhchosúla agus an líon eagraíochtaí tacaíochta atá gníomhach ansin. Chinn na heagraithe díriú ar an oiread Ballstát agus ab fhéidir chun a léiriú gur tháinig tacaíocht don tionscnamh ó gach cearn den Aontas.

"Ní beag an t-éacht é breis agus milliún síniú a fháil, mar sin de níor cheart daoibh sibh féin a theorannú don íoslíon de sheacht mBallstát atá ag teastáil" – Duine d'eagraithe an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh 'An Eoraip Saor ó Fhionnadh'


## Bailiú na sínithe

Bhain eagraithe an tionscnaimh úsáid as córas neamhspleách bailithe ar líne[1]. Dhírigh a straitéis feachtais go príomha ar na meáin shóisialta, agus iad ag brath ar a líonra chun an feachtas 'An Eoraip Saor ó Fhionnadh' a chur chun cinn do lucht spéise na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta éagsúla. Bhí dúshlán roimh na heagraithe sa mhéid go bhféadfaidís móiminteam a chailleadh le linn an fheachtais bliana ach sháraigh siad an dúshlán sin trí anailís ghníomhach a dhéanamh ar a straitéis feachtasaíochta agus a chur in iúl dá gcomhpháirtithe cad é a d'oibrigh go maith agus cad é nár oibrigh go maith.

"Caithfidh tú a bheith síoraí seasta ag déanamh anailís ar do phlean, á thástáil, á athdhéanamh, ag féachaint cad é a oibríonn agus cén áit a n-oibríonn sé, agus an mhisneach a choinneáil!" – Duine d'eagraithe an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh 'An Eoraip Saor ó Fhionnadh'



1 Ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh, is é an Lárchóras Bailithe ar Líne an t-aon chóras is féidir le heagraithe a úsáid chun sínithe a bhailiú ar líne




## Fíorú agus cur isteach

Chinn eagraithe an tionscnaimh 'An Eoraip Saor ó Fhionnadh' deireadh a chur le bailiú na sínithe an 1 Márta 2023, 2 mhí go leith roimh an spriocdháta. Ar an iomlán bhailigh an tionscnamh 1,701,892 shíniú i 27 mBallstát den Aontas, agus mheas na húdaráis náisiúnta gur bhailí 88% díobh. Baineadh na tairseacha ba ghá amach i 18 Ballstát, líon nár baineadh amach roimhe. An 14 Meitheamh 2023, chuir na heagraithe na **1,502,319 ráiteas tacaíochta bhailíochtaithe** faoi bhráid an Choimisiúin. Nuair a cuireadh na sínithe isteach, osclaíodh an tréimhse scrúdaithe a mhaireann 6 mhí.



# 3
# Tionchar an Fheachtais

## Scrúdú agus freagra ón gCoimisiún

Tar éis an tionscnamh a thíolacadh go foirmiúil, bhuail na heagraithe le **Věra Jourová, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh atá i gceannas ar Luachanna agus Trédhearcacht**, agus **Stella Kyriakides, an Coimisinéir um Shláinte agus um Shábháilteacht Bia** an 20 Iúil 2023 (Preasráiteas).




Cóipcheart: An tAontas Eorpach, 2023

An 10 Deireadh Fómhair 2023, reáchtáil Parlaimint na hEorpa éisteacht phoiblí ar an tionscnamh 'An Eoraip Saor ó Fhionnadh' inar chuir na heagraithe i láthair cuspóirí an tionscnaimh agus inar labhair siad le Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa (taifeadadh den éisteacht phoiblí).







Cóipcheart: An tAontas Eorpach, 2023

Pléadh an tionscnamh 'An Eoraip Saor ó Fhionnadh' i seisiún iomlánach ag Parlaimint na hEorpa an 19 Deireadh Fómhair 2023 (féach an taifeadadh, cuid 1 agus cuid 2).

An 7 Nollaig 2023 ghlac an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht **lena leagtar amach a ghníomhaíochta mar fhreagairt** ar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh 'An Eoraip Saor ó Fhionnadh'. Is díol sásaimh don Choimisiún Eorpach an tionscnamh agus déanfaidh sé an ghníomhaíocht seo a leanas (féach an phreaseisiúint):

D'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) tuairim eolaíoch a thabhairt maidir le leas ainmhithe **faoi mhí an Mhárta 2025**. Ba cheart do EFSA díriú ar na hainmhithe a choinnítear go heisiach chun fionnadh a tháirgeadh ina dtuairim, is iad sin minceanna, sionnaigh, madraí racúin agus sinsilí, agus anailís a dhéanamh ar leas na n-ainmhithe sin, ar na córais choiteanna feirmeoireachta agus ar an gcaoi a bhféadfaí aon fhadhb leasa a chosc nó a laghdú faoi na dálaí feirmeoireachta reatha.

Ansin déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar na toirmisc a d'iarr an tionscnamh 'An Eoraip Saor ó Fhionnadh', measúnú ar thionchair eacnamaíocha agus shóisialta na dtoirmeasc sin san Aontas san áireamh.

Faoi mhí an Mhárta 2026, agus an tuairim ó EFSA agus torthaí na meastóireachta á gcur san áireamh, cuirfidh an Coimisiún in iúl an measann sé go bhfuil sé iomchuí toirmeasc ar an bhfeirmeoireacht fionnaidh agus ar mhargaíocht fionnaidh san Aontas a mholadh tar éis idirthréimhse.

Idir an dá linn, leanfaidh an Coimisiún dá chuid oibre ullmhúcháin ar thograí eile maidir le leas ainmhithe, mar a fógraíodh sa Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'. Ina theannta sin tá sé ag déanamh roinnt beart maidir leis na tionchair atá ag an bhfeirmeoireacht fionnaidh ar leas, ar an tsláinte phoiblí agus ar an gcomhshaol. Ar na bearta sin tá cuairteanna ar an láthair ar fheirmeacha fionnaidh sna Ballstáit chun léargas a fháil ar na sásraí 'Aon Sláinte Amháin' atá i bhfeidhm, chomh maith le measúnú tionchair i bhfianaise athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Lipéadú Teicstílí. Leanfaidh an Coimisiún cur chuige Aon Sláinte Amháin – ina n-aithnítear go bhfuil dlúthbhaint idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte an chomhshaoil – chun ráigeanna galair ar fheirmeacha fionnaidh a chosc, a bhrath agus chun freagairt orthu.

An 9 Feabhra 2024, bhuail na heagraithe leis an gCoimisinéir Kyriakides chun an freagra ar a dtionscnamh a phlé.




Cóipcheart: An tAontas Eorpach, 2024

## Leideanna agus cleasa d'eagraithe nua

- Déan d'obair bhaile sula gcuireann tú tús le tionscnamh!
- Déan cinnte de go dtéann tú i gcomhar le heagraíochtaí sochaí sibhialta a bhfuil aird agus tacaíocht na saoránach acu cheana féin
- Déan naisc nua chun d'obair for-rochtana a fhorbairt
- Na daoine a ghlacann páirt i do thionscnamh, déan iad a chumhachtú chun d'fheachtas a chur chun cinn ar a gcainéil féin trí eolas, uirlisí cumarsáide agus príomhdhátaí feachtasaíochta a thabhairt dóibh.

